



2025/1004

12.6.2025

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 80/2025

an 14 Márta 2025

lena leasaítear Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE [2025/1004]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/894 ón gCoimisiún an 13 Márta 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 a mhéid a bhaineann le tuairisciú tarluithe ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Ba cheart Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 66nh (Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an gComhaontú:

‘— **32024 R 0894**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/894 ón gCoimisiún an 13 Márta 2024 (IO L, 2024/894, 20.3.2024).’

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán (AE) 2024/894 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlónadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 15 Márta 2025, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile dá bhforáiltear faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Márta 2025.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE

An tUachtarán

Nicolas VON LINGEN

⁽¹⁾ IO L, 2024/894, 20.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/894/oj.

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.